Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0098(NLE)**
**2022/0097(NLE)**

**7908/22**
**ADD 1**

**LIMITE**

**WTO 58**
**AGRI 137**
**UD 76**
**UK 64**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7905/22 + ADD 1, 7906/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt chun críche, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

## <u>Ráiteas ón gCoimisiún</u>

Measann an Coimisiún gur cheart tagairt a bheith sa Chinneadh maidir le síniú an chomhaontaithe don duine atá ainmnithe ag an idirbheartaí le bheith ar an duine a dtugtar de chumhacht dó an comhaontú a shíniú. Dá bhrí sin, na hathruithe lena ndéantar foráil maidir le hUachtarán na Comhairle duine a ainmniú atá chun an comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, níl siad i gcomhréir leis na Conarthaí.

Na gníomhartha ionadaíochta seachtraí uile a dhéantar agus conradh á dhéanamh, lena n-áirítear comhaontú idirnáisiúnta a shíniú agus fógra a thabhairt ina dhiaidh sin maidir leis an toiliú a bheith faoina cheangal, is sainphribhléidí institiúideacha de chuid an Choimisiúin iad, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE, seachas na gníomhartha sin a bhaineann le comhaontuithe a thagann go heisiach nó den chuid is mó faoi chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais. Nuair a dhéanann an Coimisiún agus gníomhaí eile arna ainmniú ag an gComhairle comhaontú idirnáisiúnta a chomhshíniú thar ceann an Aontais, is é síniú an Choimisiúin amháin a thugann gealltanas ón Aontas.

Chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht maidir le cleachtais chomhsheasmhacha ag institiúidí an Aontais nach bhfuil i gcomhréir le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, 'nach féidir leis na cleachtais sin rialacha na gConarthaí a athrú, ar rialacha iad a bhfuil sé d'oibleagáid ar na hinstitiúidí a urramú' (Cás C-687/15 an Coimisiún v an Chomhairle, AE:C:2017:803, mír 42).

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.

PUBLIC